2025/1554

28.7.2025

CINNEADH (CBES) 2025/1554 ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Iúil 2025

maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Djibouti

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle [1], bunaítear an tSaoráid Eorpach Síochána (SES) lena maoineodh Ballstáit gníomhaíochtaí an Aontais faoin gcomhbheartas eachtrach agus slándála chun an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú de bhun Airteagal 21(2), pointe (c), den Chonradh. Go háirithe, de bhun Airteagal 1(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509, tá úsáid le baint as SES chun bearta cúnaimh a mhaoiniú, mar shampla gníomhaíochtaí chun acmhainneachtaí maidir le cúrsaí míleata agus cosanta atá ag tríú Stáit agus eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta a neartú.

(2) An 24 Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le formheas a dhéanamh ar Straitéis Slándála Muirí athbhreithnithe an Aontais agus ar a Phlean Gníomhaíochta, lena leagtar amach creat don Aontas chun gníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun a leasanna ar muir a choimirciú agus chun a shaoránaigh, a luachanna agus a gheilleagar a chosaint, agus rialacha idirnáisiúnta agus comhlíonadh iomlán ionstraimí idirnáisiúnta á gcur chun cinn ag an am céanna, go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS).

(3) Ó mhí Dheireadh Fómhair 2023 i leith, tá go leor ionsaithe dírithe ag na Houthi ar shoithí sa Mhuir Rua, i Murascaill Áidin, sa Mhuir Arabach agus i Murascaill Óman. Cuireann ionsaithe den sórt sin beatha mairnéalach ar shoithí i mbaol, agus is sárú iad ar an tsaoirse loingseoireachta ar an mórmhuir agus ar an gceart chun gluaiseachta idirthurais trí chaolais a úsáidtear le haghaidh loingseoireacht idirnáisiúnta a chumhdaítear in UNCLOS. Bíonn drochthionchar ag na hionsaithe sin freisin ar loingeas trádála agus ar gheilleagair go leor tíortha san Aontas agus sa réigiún.

(4) An 10 Eanáir 2024, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2722 (2024), inar cáineadh go géar na hionsaithe a rinne na Houthi ar shoithí trádála agus tráchtála, inar leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé cearta agus saoirsí loingseoireachta a bheith á bhfeidhmiú ag soithí na stát uile sa Mhuir Rua, lena n-áirítear soithí trádála agus tráchtála a dhéanann idirthuras trí Chaolas Baab al-Mandab, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, inar éilíodh ar na Houthi deireadh a chur láithreach le gach ionsaí den sórt sin, inar dearbhaíodh gur gá urraim a thabhairt d'fheidhmiú cearta agus saoirsí loingseoireachta ag soithí trádála agus tráchtála, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, agus inar tugadh aird ar cheart bhallstáit na Náisiún Aontaithe, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, a soithí a chosaint ar ionsaithe, lena n-áirítear ionsaithe a bhaineann an bonn de na cearta agus na saoirsí loingseoireachta sin.

(5) I gcomhthéacs ghéarchéim na Mara Rua, is gné tábhachtach é Fórsaí Armtha Djibouti a neartú chun rannchuidiú le coimirciú na slándála muirí sa réigiún.

(6) An 8 Eanáir 2025, fuair Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála iarraidh ó Djibouti ar chúnamh ón Aontas d'Fhórsaí Armtha Djibouti maidir le trealamh, bonneagar agus seirbhísí barrtháibhachtacha a sholáthar chun acmhainneachtaí a cabhlaigh a neartú.

(7) Tá bearta cúnaimh le cur chun feidhme agus na prionsabail agus ceanglais a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2021/509 á gcur san áireamh, go háirithe go ndéantar Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle [2] a chomhlíonadh, agus i gcomhréir leis na rialacha maidir le cur chun feidhme an ioncaim agus an chaiteachais a mhaoinítear faoi SES.

[1] Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/509/oj).

[2] Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainítear comhrialacha lena rialaítear rialú ar onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99, ELI: http://data.europa.eu/eli/compos/2008/944/oj).

(8) Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil rún daingean aici cearta an duine, saoirsí bunúsacha agus prionsabail dhaonlathacha a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh, agus an smacht reachta agus an dea-rialachas a neartú, i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe, le Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Bunú, cuspóirí, raon feidhme agus ré

1. Leis seo, bunaítear beart cúnaimh a rachaidh chun tairbhe Djibouti ('an tairbhí'), atá le maoiniú faoin tSaoráid Eorpach Síochána (SES) ('an beart cúnaimh').

2. Is iad seo a leanas cuspóirí an bhirt cúnaimh:

(a) comhar maidir le slándáil agus cosaint idir an tAontas agus Djibouti a neartú;

(b) rannchuidiú le feabhas a chur ar acmhainneachtaí foriomlána Fhórsaí Armtha Djibouti chun a gceannasacht agus a gcearta a choimirciú i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, chun an tslándáil mhuirí sa Mhuir Rua a neartú agus, ar an gcaoi sin, cosaint níos fearr a thabhairt do línte mara cumarsáide, do shoithí tráchtála agus acmhainní muirí, agus do phobail chósta agus a slite beatha ar raon leathan géarchéimeanna muirí;

(c) acmhainn Djibouti a neartú i dtaobh feasacht ar an réimse muirí, mar chomhlánú ar oibríochtaí agus tionscnaimh chomhbheartas slándála agus cosanta an Aontais sa Mhuir Rua.

3. Chun an cuspóirí a leagtar amach i mír 2 a bhaint amach, maoineofar leis an mbeart cúnaimh na cineálacha trealaimh seo a leanas nach bhfuil deartha chun fórsa marfach a sheachadadh, agus an bonneagar, na soláthairtí agus na seirbhísí seo a leanas, lena n-áirítear oiliúint theicniúil:

(a) plean athléimneachta a chur chun feidhme do na soithí patróil, trí oiliúint a chur ar fáil in oideachas cabhlaigh agus i dtrealamh cabhlaigh le haghaidh ceardlanna speisialaithe, chomh maith le cuid de shócmhainní muirí Djibouti a athbhunú;

(b) stáisiún faireachais cósta lena n-áirítear faisnéis feidhmiúil, sócmhainní faireachais agus taiscéalaíochta agus pontún snámhach;

(c) sócmhainní mear-idirghabhála do Chabhlach Djibouti.

4. Mairfidh an beart cúnaimh ar feadh tréimhse 42 mí ó dháta glactha an Chinnidh seo.

Airteagal 2

Socruithe airgeadais

1. EUR 10 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann leis an mbeart cúnaimh a chumhdach.

2. Déanfar an caiteachas go léir a bhainistiú i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509 agus leis na rialacha maidir le hioncam agus caiteachas arna maoiniú faoi SES a chur chun feidhme.

Airteagal 3

Socruithe leis an tairbhí

1. Déanfaidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') na socruithe is gá leis an tairbhí chun a áirithiú go gcomhlíonann sé na ceanglais agus na coinníollacha arna mbunú leis an gCinneadh seo, mar choinníoll chun tacaíocht a sholáthar faoin mbeart cúnaimh.

2. Áireofar ar na socruithe dá dtagraítear i mír 1 forálacha lena gcuirtear d'oibleagáid ar an tairbhí an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go gcomhlíonfaidh aonaid Fhórsaí Armtha Djibouti dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart cúnaimh an dlí idirnáisiúnta ábhartha, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta;

(b) go mbainfear úsáid chuí agus éifeachtúil as aon sócmhainní a chuirfear ar fáil faoin mbeart cúnaimh chun na gcríoch dár soláthraíodh iad;

(c) go ndéanfar cothabháil leordhóthanach ar aon sócmhainní a chuirfear ar fáil faoin mbeart cúnaimh chun a áirithiú go mbeidh siad inúsáidte agus ar fáil go hoibríochtúil i gcaitheamh a saolré;

(d) nach gcaillfear aon sócmhainní a chuirfear ar fáil faoin mbeart cúnaimh, ná nach n-aistreofar iad chuig daoine nó eintitis seachas iad siúd a shainaithnítear sna socruithe sin.

3. Áireofar ar na socruithe dá dtagraítear i mír 1 forálacha maidir le tacaíocht faoin mbeart cúnaimh a fhionraí agus a fhoirceannadh i gcás ina suífear go bhfuil na hoibleagáidí a leagtar amach i mír 2 á sárú ag an tairbhí.

Airteagal 4

Cur chun feidhme

1. Beidh an tArdionadaí freagrach as a áirithiú go gcuirfear an Cinneadh seo chun feidhme i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509, agus i gcomhréir leis na rialacha maidir leis an ioncam agus an caiteachas a mhaoinítear faoi SES a chur chun feidhme agus leis an gCreat Modheolaíochta Comhtháite chun na bearta agus na rialuithe atá riachtanach le haghaidh bearta cúnaimh faoi SES a mheasúnú agus a shainaithint.

2. Is é *Défense Conseil International* - DCI Group a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(3) a chur chun feidhme.

Airteagal 5

Faireachán, rialú agus meastóireacht

1. Déanfaidh an tArdionadaí faireachán ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 3 ag an tairbhí. Úsáidfear an faireachán sin chun feasacht a mhúscailt ar an gcomhthéacs agus ar na rioscaí a ghabhann le sárú na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 3, agus chun cuidiú le sáruithe mar sin a chosc, lena n-áirítear sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta arna ndéanamh ag aonaid d'Fhórsaí Armtha Djibouti dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart cúnaimh.

2. Déanfar rialú an trealaimh agus na soláthairtí tar éis a loingsithe a eagrú mar a leanas:

(a) fíorú ar a seachadadh, trína bhfuil na fórsaí, arb iad na húsáideoirí deiridh iad, le deimhnithe seachadta SES a shíniú tráth a aistreofar úinéireacht;

(b) tuairisciú, trína bhfuil an tairbhí le tuairisciú go bliantúil ar na gníomhaíochtaí arna ndéanamh leis an trealamh, na soláthairtí agus na seirbhísí arna soláthar faoin mbeart cúnaimh agus ar fhardal na míreanna ainmnithe go dtí go measfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála (CPS) nach bhfuil gá leis an tuairisciú sin a thuilleadh;

(c) cuairteanna ar an láthair, trína ndeonóidh an tairbhí rochtain don Ardionadaí agus d'iniúchóirí SES chun cigireachtaí ar an láthair agus iniúchtaí SES a dhéanamh, arna iarraidh sin dó.

3. Ar thabhairt chun críche an bhirt cúnaimh, déanfaidh an tArdionadaí meastóireacht deiridh chun a mheas ar rannchuidigh an beart cúnaimh leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1(2) a bhaint amach.

Airteagal 6

Tuairisciú

Le linn na tréimhse cur chun feidhme, soláthróidh an tArdionadaí tuarascálacha gach 6 mhí do CPS maidir le cur chun feidhme an bhirt cúnaimh, i gcomhréir le hAirteagal 63 de Chinneadh (CBES) 2021/509. Cuirfidh an riarthóir um bearta cúnaimh an Coiste um an tSaoráid arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 ar an eolas go tráthrialta faoi chur chun feidhme ioncaim agus caiteachais i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chinneadh sin, lena n-áirítear trí fhaisnéis a sholáthar faoi na soláthraithe agus na fochonraitheoirí lena mbaineann.

Airteagal 7

Fionraí agus foirceannadh

1. Féadfaidh CPS cinneadh a dhéanamh cur chun feidhme an bhirt cúnaimh a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach i gcomhréir le hAirteagal 64 de Chinneadh (CBES) 2021/509.

2. Féadfaidh CPS a mholadh don Chomhairle go bhfoirceannfaí an beart cúnaimh.

Airteagal 8

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Iúil 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BJERRE